

AONAD A SÉ

AG MÚINEADH



San Aonad seo cuirfear ar do chumas:

- beannú do dhuine agus beannú ar ais
- slán a fhágáil
- tuairisciú
- aontú
- comhghairdeas a dhéanamh
- buíochas a ghabháil
- taitneamh a léiriú
- mian a léiriú
- éad a chur in iúl
- tuairim a nochtadh
- fiosrú faoi chuimhne agus cuimhne a léiriú
- a léiriú gur gá rud éigin a dhéanamh.

COMHRÁ

Is múinteoirí iad Aisling agus Pól. Tá seanaithe (*old acquaintance*) acu ar a chéile. Bhí siad sa choláiste le chéile in Aberystwyth. Buaileann siad lena chéile, trí thimpiste (*by accident*), san ollmhargadh (*supermarket*) ar an Satharn.

Aisling: Dia duit, a Phóil!
Hello, Paul!

Pól: Dia is Muire duit, a Aisling! Nach bhfuil an áit seo an-ghnóthach?
Hello, Aisling! Isn't this place very busy?

Aisling: Tá. Bíonn gach duine ag siopadóireacht ag an am seo ar an Satharn... Comhghairdeas, a Phóil! Cloisim go bhfuil post nua faighte agat sa bhaile.
Yes, it is. Everyone is shopping at this time on Saturday. Congratulations, Paul! I heard that you have gotten a new job at home.

Pól: Go raibh míle maith agat, a Aisling. Bhí ríméad orm an post a fháil. Beidh mé ag tosú ar an gcéad lá de Mheán Fómhair.
Thanks a thousand, Aisling. I was delighted to get the job. I will be starting on the first day of September.

Aisling: Táim in éad leat! Ba bhreá liom a bheith ag obair i nGaillimh! Cá bhfuil an scoil go baileach?
I'm envious of you! I would love to be working in Galway! Where is the school exactly?

Pól: Tá sí suite ar an gCeathrú Rua. Scoil cheathrar oide is ea í. Beidh mé i mo mhúinteoir tacaíochta.
It is situated in Carraroe. It is a four teacher school. I will be a support teacher.

Aisling: Tá an t-ádh leat! Tá tú cáilithe don phost sin, ar ndóigh!
You are lucky! You are qualified for that job, of course!

Pól: Tá an t-ádh liom, ceart go leor, go bhfuil dioplóma agam san Oideachas Speisialta.
I am lucky, alright, to have a diploma in Special Education.

Aisling: An post buan é?

Is it a permanent position?

Pól: Ní hea. Post sealadach is ea é. Ach tá seans ann go mbeidh post buan sa scoil an bhliain seo chugainn.
No, it's not. It's a temporary position. But there is a chance that there will be a permanent position in the school next year.

Aisling: Tá sé sin togha! Beidh saol sóisialta iontach agat ar an gCeathrú Rua.
That's wonderful! You will have a wonderful social life in Carraroe.

Pól: Bhuel, beidh mé gar go leor do chathair na Gaillimhe ar aon nós.
Well, I'll be close enough to Galway city anyway.

Aisling: An cuimhin leat Muireann?
Do you remember Muireann?

Pól: Is cuimhin. Bhí sí sa Choláiste linn in Aberystwyth. Bhí sí ard agus fionn.
Yes, I do. She was in College with us in Aberystwyth. She was tall and blonde.

Aisling: Bhuel! Chuala mé, le déanaí, go bhfuair sí post mar phríomhoide i mBearna.
Well, I heard, lately, that she got a job as a principal in Bearna.

Pól: Caithfidh mé téacs a chur chuici. Ó, féach ar an am! Beidh mé déanach. Slán leat.
I must send her a text. Oh, look at the time! I'll be late. Goodbye.

Aisling: Ceart go leor a Phóil. Go n-éirí leat! Slán tamall!
Alright, Paul. Best of luck! Goodbye for now.

FOCLÓIR LE FOGHLAIM

ag múineadh - *teaching*
an mhúinteoireacht - *the teaching profession*
scoil dhá oide - *(a) two teacher school*

post- *(a) job*
post buan - *(a) permanent job*
post sealadach - *(a) temporary job*
post lánaimseartha - *(a) full time job*

post páirtaimseatha - *(a) part-time job*
post suimiúil - *(an) interesting job*
post dúshlánach - *(a) challenging job*

foireann na Scoile - school staff
múinteoir - *(a) teacher*
múinteoir ranga - *(a) class teacher*
múinteoir acmhainne - *(a) resource teacher*
múinteoir tacaíochta - *(a) learning support teacher*
oide- *teacher*
príomhoide - *(a) principal*
príomhoideacht - *(a) principalship*
rúnaí - *(a) secretary*

oiliúint - training
Baitsiléireacht san Ealaín - *(a) Bachelorhood in Arts*
Baitsiléireacht san Oideachas - *(a) Bachelorhood in Education*
coláiste tríú leibhéal - *(a) third level college*
cáilíocht - *(a) qualification*
an cháilíocht - *the qualification*
cáilíocht san oideachas speisialta - *(a) qualification in special education*
dioplóma - *(a) diploma*
an dioplóma - *the diploma*
céim - *(a) degree*
an chéim - *the degree*
fuair mé mo cháilíocht - *I got my qualification*
mo chuid oiliúna - *my training*
oileadh mé - *I was trained*
teastas - *(a) certificate*

tréithe - traits
tréith - *(a) trait*
ag spreagadh páistí - *inspiring children*

cruthaitheach - *creative*
dea-eagraithe - *well organised*
dearfach - *positive*
díograiseach - *enthusiastic*
dúthrachtach - *diligent*
fadradharcach - *visionary*
gairmiúil - *professional*
greannmhar - *funny*
suimiúil - *interesting*
spreagúil - *inspiring*
tuisceanach - *understanding*

ábhair scoile - school subjects

Béarla - *English*
Ceol - *Music*
Corpoideachas - *Physical Education*
Drámaíocht - *Drama*
Eolaíocht - *Science*
Gaeilge - *Irish*
Mata - *Maths*
Matamaitic - *Mathematics*
Na hAmharcealaíona - *The Visual Arts*
Oideachas Ealaíon - *Arts Education*
Oideachas Reiligiúnach - *Religious Education*
Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) - *Social Environmental and Scientific Education (SESE)*
Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) - *Social, Personal and Health Education*
Stair - *History*
Tíreolaíocht - *Geography*

sa scoil - in the school
áireamhán - *(a) calculator*
áiseanna - *facilities*
bioróir - *pencil parer*
bosca bruscair - *(a) rubbish bin*
bosca lóin - *(a) lunch box*

buidéal - (a) *bottle*
cailc - *chalk*
cairt - (a) *chart*
cartán - *carton*
cathaoir - (a) *chair*
clár bán - (a) *whiteboard*
clár dubh - (a) *blackboard*
cóipleabhar - (a) *copybook*
deasc - (a) *desk*
dlúthdhiosca - (a) *CD*
físeán - (a) *video*
físthaifeadán - (a) *video recorder*
fótachóip - (a) *photocopy*
inneall fótachóipeála - (a) *photocopier*
leabhar - (a) *book*
leithreas - (a) *toilet*
luaschárta - (a) *flashcard*
mála peann luaidhe - (a) *pencil case*
mála scoile - (a) *schoolbag*
marcóir - (a) *marker*
oifig - (an) *office*
osteilgeoir - (an) *overhead projector*
pasáiste - (a) *corridor*
peann - (a) *pen*
peann luaidhe - (a) *pencil*
póstaer - (a) *poster*
rialóir - (a) *ruler*
ríomhaire - (a) *computer*
scáileán - (a) *screen*
scriosán - (a) *rubber, (an) eraser*

seinnteoir dlúthdhioscaí - (a) *CD player*
seomra foirne - (a) *staffroom*
seomra ranga - (a) *classroom*
téipthaifeadán - (a) *tape recorder*
trealamh - *equipment*
tuairiscí scoile - *school reports*

Comhghairdeas! - *Congratulations!*
Tá ríméad orm. - *I am delighted.*
Tosaigh. - *Start.*
thosaigh mé - *I started*
ag tosú - *starting*
suite - *situated*
an chathair - *the city*
i lár na cathrach - *in the city centre*
cuimhne - *memory*
An cuimhin leat? - *Do you remember?*
is cuimhin liom - *I remember*
Faigh. - *Get.*
faighte - *gotten*
oileán - *island*
spéis - *interest*
spéisiúil - *interesting*
liúntas - *allowance*
Tuill. - *Earn. Deserve.*
tuillte - *earned, deserved*

AISTRIGH GO GAELIGE

Tá Aoife agus Darach ag caint faoi phoist i scoileanna.

Aoife: God be with you! I heard you have gotten a principalship. Congratulations!

Darach: *Thank you. I am delighted. I will be starting next week.*

Aoife: *Where is the school situated?*

Darach: *It is situated in the city centre. It is a twenty teacher school.*

Aoife: *Do you remember Seán who was in College with us?*

Darach: *Yes, I do. I remember him well. He was very tall.*

Aoife: *Well! He's gotten a job on an island, in the Gaeltacht.*

Darach: *That's interesting. He'll have two allowances so!*

Aoife: *You'll have a fine allowance yourself!*

Darach: *I'll deserve it!*

FREAGRAÍ

Aoife: Dia duit. Chuala mé go bhfuil príomhoideacht faighte agat. Comhghairdeas!

Darach: Go raibh maith agat. Tá ríméad orm. Beidh mé ag tosú an tseachtain seo chugainn.

Aoife: Cá bhfuil an scoil suite?

Darach: Tá sí suite i lár na cathrach. Scoil fiche oide is ea í.

Aoife: An cuimhin leat Seán a bhí sa Choláiste linn?

Darach: Is cuimhin. Is cuimhin liom é go maith. Bhí sé an-ard.

Aoife: Bhuel! Tá post faighte aige ar oileán, sa Ghaeltacht.

Darach: Tá sé sin spéisiúil. Beidh dhá liúntas aige!
Aoife: Beidh liúntas breá agat féin!
Darach: Beidh sé tuillte agam!

GRAMADACH

An Forainm Réamhfhoclach

The Prepositional Pronoun

- Is éard atá san Fhorainm Réamhfhoclach ná an Forainm agus an Réamhfhocal Simplí le chéile.
- **Is féidir** 'ag Pól', 'ar Thomás', 'le hÁine' a rá.
- **Ní féidir** 'ag sé', 'ar sé' ná 'le sí' a rá. Cuireann tú an réamhfhocal agus an forainm le chéile agus déanann tú forainm réamhfhoclach.

Mar shampla:

ag + sí = aici

ar + mé = orm

le + sinn = linn

Réamhfhocal Simplí →	Ag (<i>at</i>)	ar (<i>on</i>)	le (<i>with</i>)
Forainm ↓			
mé (me)	Agam	Orm	Liom
tú (you)	Agat	Ort	Leat
sé (he)	Aige	Air	Leis
sí (she)	Aici	Uirthi	Léi
sinn/muid (we)	Againn	Orainn	Linn
sibh (you pl.)	Agaibh	Oraibh	Libh
siad (they)	Acu	Orthu	Leo

Leanann 'ar' na focail seo a leanas:

- áthas, brón, éad, eagla, fearg, ríméad

Mar shampla: Tá áthas ar Mháire.

Tá áthas (ar: sí) uirthi.

Máire is happy.

She is happy.

Leanann 'ag' na focail seo a leanas:

- Tá post nua

Mar shampla: Tá post nua ag Dónall.

Tá post nua (ag: sé) aige.

Dónall has a new job.

He has a new job.

Leanann 'le' na focail seo a leanas:

- cuimhin

Mar Shampla: An cuimhin le Máire?
An cuimhin (le: sí) léi ?

*Does Mary remember?
Does she remember?*

- Is breá

Mar shampla: Is breá le Pádraig Gaillimh.
Is breá (le: sé) leis Gaillimh.

*Pádraig likes Galway.
He likes Galway.*

- In éad

Mar shampla: Táim in éad le Séamus.
Táim in éad (le: sé) leis.

*I am envious of Séamus.
I am envious of him.*

Leanann 'ag' agus 'ar' an focal seo a leanas:

- aithne

Mar shampla: Tá aithne agam ar Shíle.
Tá aithne (ag:mé) agam (ar:sí) uirthi.

*I know Síle.
I know her.*

Scríobh an fhoirm cheart sa bhearna. Tá an chéad cheann déanta duit:

1. Tá ríméad (ar +mé) orm.
2. Tá brón (ar + sí)_____.
3. Tá eagla (ar + siad)_____.
4. Tá fearg (ar + sinn)_____.
5. Tá post nua (ag + tú)_____.
6. Tá post nua (ag + sí)_____.
7. An cuimhin (le + tú)_____?
8. An cuimhin (le + sibh) _____?
9. Is breá (le + mé) _____ Corcaigh.
- 10 Táim in éad (le + siad)_____.

FREAGRAÍ

1. Tá ríméad orm.
2. Tá brón uirthi.
3. Tá eagla orthu.
4. Tá fearg orainn.

5. Tá post nua agat.
6. Tá post nua aici.
7. An cuimhin leat?
8. An cuimhin libh?
9. Is breá liom Corcaigh.
10. Táim in éad leo.

SEANFHOCAIL LE FOGHLAIM

Is binn béal ina thost.

binn = sweet, melodious; béal ina thost = a mouth in silence.

The silent mouth is melodious. Silence is golden.

Tá sé go deas éisteacht le duine ciúin.

Is minic a bhris béal duine a shrón.

minic = often.

It is often that a person's mouth broke his nose. It is often that a person said something that got him into trouble.

Is minic a dúirt duine rud éigin a tharraing trioblóid (that drew trouble) air féin.

Is minic ciúin ciontach.

ciúin = quiet; ciontach = guilty.

The quiet person is often the guilty person.

Nuair a bhíonn trioblóid ann, is é an duine ciúin an duine ciontach, go minic.

Ní thagann ciall roimh aois.

ciall = sense, reason; aois = age.

Sense does not come before age. You cannot put an old head on young shoulders.

Ní féidir a bheith ag súil (it cannot be expected) go mbeidh duine óg, ciallmhar (sensible) i gcónaí (always).

Ní féidir fear gan cheann a chrochadh.

fear gan cheann = a man without a head; a chrochadh = to hang.

You can't hang a man who has no head. You can't blame a person who has no sense.

Ní féidir an milleán (blame) a chur ar dhuine éigin nach bhfuil an ciall (the sense) aige.

Ní hé lá na báistí lá na bpáistí.

lá na báistí = the day of rain, the rainy day; lá na bpáistí = the children's day.

The rainy day is not the children's day. You cannot let children out to play on a rainy day.

Ní féidir páistí a ligean amach (to let out), lá fliuch (a wet day).

Ní hé lá na gaoithe lá na scolb.

lá na gaoithe = the day of wind, the windy day; scolb = scollop, looped stick for securing thatch.

The windy day is not the day for securing the thatch. There is a suitable day for everything.

Tá lá oiriúnach (suitable) ann do gach rud.

An té nach gcuireann san earrach, ní bhainfidh sé san fhómhar.

an té = an duine; nach gcuireann san earrach = who does not sow in the spring;

ní bhainfidh sé = he will not reap; san fhómhar = in the autumn/harvest.

He who does not sow in the spring, will not reap in the harvest. He who does not do the preparatory work, will not reap the rewards. He who does not study during the year, will not get good results at the end of the year.

An duine nach ndéanann an obair, ní bhfaighidh sé (he will not get) na torthaí (the fruits).



Ní hé lá na gaoithe lá na scolb.

LOGAINMNEACHA

CLUAIN

Ainm Gaeilge	Ainm Béarla	Míniú
Cluain Tarbh	<i>Clontarf</i>	<i>the meadow of the bulls</i> cluain = (a) meadow tarbh = (a) bull
Cluain Mic Nois	<i>Clonmacnoise</i>	<i>the meadow of the sons of Noas</i> mac = son
Cluain Meala	<i>Clonmel</i>	<i>the meadow of honey</i> mil = honey
Cluain Ard	<i>Clonard</i>	<i>the high meadow</i>
Cluain Saileach	<i>Clonsilla</i>	<i>the meadow of the sallies, willows</i>
Cluain Sceach	<i>Clonskeagh</i>	<i>the meadow of the thornbushes</i> sceach = (a) thornbush

